# Biseaċ



# 1968

cumann forbarta ċois ḟarraige

luaċ - scilling

# Eagarḟocal

Ní páipéar nua 'Biseaċ' feasta. Faoin am seo anuraiḋ a cuireaḋ amaċ an ċéad eagrán agus ní mba túisce cóipeanna fágṫa sna siopaí ná ḃí siad scuapaiṫe. Ṫáinig an oiread iarratais ar ċóipeanna ó ċian agus ó ċóngar is go mb'éigin dúinn an dara cois a ċur amaċ le riaraḋ ar an éileaṁ. Tá muid fé ċumaoin acu seo uiliġ arḃ ḟiú leo "Biseaċ" a ċeannaċt agus a léaṁ. Go deiṁin tá muid fíor-ḃuíoċ díoḃ seo a ṫug síntiúisí ḋúinn naċ raiḃ muid ag súil leo.

Sé aiḋm an ṗáipéir seo soiscéal agus obair an Ċumainn Forbarṫa a ċur ós cóir an ṗobail ċoṁ maiṫ le filíoċt, seanċas agus béaloideas na h-áite a ċur ar ṗáipéar. Tá súil againn naċ sa mbaile aṁáin a léifear an páipéar seo aċ ċuile áit in Éirinn agus ṫar sáile a ḃfuil muintir Ċois Ḟarraige ag saoṫrú greim a mbéil.

Ní amuiġ ar ḃrabaċ a ḋéanaṁ atá an Cumann ag cur an ṗáipéar seo amaċ. Mar sin féin ḃí an-ḟáilte roiṁ an deontas £5 a fríċeaḋ ó Roinn na Gaeltaċta. Tá muid buíoċ ḋóiḃ agus gealann muid ḋóiḃ naċ ndeaċa a gcuid airgid amú.

An Cumann Forbarṫa.

## Bliain na nArda

Tá daoine beo fós i gCois Ḟarraige a ċonaic fir oibre ag obair ar scilling sa ló. An gcreidfeaḋ an ġlúin óg é sin? Sa mbliain 1890 ṫugtaí bliain Bhalfour uirṫí agus cuid de na daoine ṫugaidís "Bliain na nArda" uirṫi. B'ṡin í an bliain ar gearraḋ na h-arda a ḃí i mbóṫar an rí sé sin an bóṫar mór a ḃí ó Ġaillim siar ṫrí Ċois Ḟarraige go Conamara.

Sén fáṫ go dtugtaí bliain Bhalfour ar an mbliain sin mar ba h-é Balfour Príoṁ-Rúnaí Éireann san am agus sé a ċeap an scéim sin le fóirṫint a ḋéanaṁ ar ḋaoine boċta. Ḃíoḋ daoine de ṁuintir na háite anonn is anall ceapaiṫe le maoirseaċt a ḋéanaṁ ar an obair agus ba saiġdiúir a ṫéiġeaḋ ṫart a leagan amaċ na n-oibreaċaí. Ṫéiġeaḋ an saiġdiúir ṫart ar ċapall. Is minic a hiráileaḋ sé capall ó ḋuine a ḃeaḋ sásta capall a leigean leis ar feaḋ lae. Uair nó faoi ḋó sa mbliain bḟéidir go ḃfeicfí Balfour ag dul ṫríd an tír i gcóiste capall agus fear ḋá ṫiomáint.

Go minic ní airgead a d'ḟáġaḋ na fir oibre aċ min ṗlúir nó min ċoirce nó min ḃuí mar íocaíoċt. Ḃíoḋ duine ceapaiṫe le ḋul ṫart ar na hoibreaċaí agus eisean a ṫugaḋ ticéid uaiḋ leis an min a ḟáil. Ḃíoḋ go leor fábar ḋá ḋéanaṁ do ḋaoine san am sin. An té a ḃeaḋ i ndon an maor nó an ceannasaí a ḃríbeáil is airgead a d'ḟáġaḋ sé mar íocaíoċt agus go minic d'íoctaí daoine a mbíoḋ fábar dóiḃ ar laeṫeantaí naċ mbíoḋ oibriṫe acu ċor ar biṫ. Ṫagaḋ cuid acu ar maidin agus d'ḟreagróḋ siad a n-ainmneaċa agus ansin d'éalóḋ siad leo i gceann posta éicint eile ag obair ḋóiḃ féin. Fiċe h-aon

scilling nó giní sa tseaċtain a ḃíoḋ mar ṗáiġ do ċarraera san am sin - sé sin capall is carr agus cinnire. D'ḟágaḋ an ċuid is mó de na carraeraí airgead mar íocaíoċt páiġe.

Is le linn Bhalfour a rinneaḋ droiċid Ċonamara - droiċead Ċarraig a' Logáin agus na Tráċta. Roiṁe sin ḃíoḋ ar na daoine siúl ṫríd a' gcladaċ nuair a ḃíoḋ sé ina ṫrá agus an taoille amuiġ. Ḃíoḋ an contúirt ann go mbáiṫfí iad dá mbeireaḋ taoille ċuille an raḃarta orṫu agus iad a ḃeiṫ ag déanaṁ aiṫġiorra tríd a gcladaċ. Is mar sin a ċaill fear a dtugtaí Ṁánus Ṁór air a ḃróig lá. Ċuaiḋ a ċois i ḃfastó idir ḋá ċloċ sa gcladaċ agus ḃí sé á cinnt air a ḃróig a ṫarraint agus b'éigean dó í ḟágáil ina ḋiaiḋ nó ḃeaḋ sé báite. Rinneaḋ aṁrán dó féin agus den ḃróig:-

> "Ḃróig agus leaṫ-stoca d'imṫiġ ó Ṁánus
> Ag carraig na dTráċta agus naċ ciotaċ ċaoi
> Cuiriġí scéala ag Ṁac Ṁaoilreiġ go hÁrainn
> é ċur ins na páipéir ar fud na Seaċt Ríoċt."

Ansin i ḃéarsa eile ċuir an file an ḃróig i gcomórtas le soiṫeaċ cogaḋ nó "Man-o-War" nuair a d'imiġ an ḃróig amaċ le tonn agus d'ḟógair sí cogaḋ ar ċaḃlaċ an Rí:-

> "Tá sloop a' Rí a' faire uirṫi ó ar maidin Dé Céadaoin
> nó gur casaḋ ar a céile iad ag trá Inis Saor,
> ní h-é comrac na gcailleaċ a ḃí acu le céile
> ó éirí na gréine nó go ndeaċa sí faoi.
>
> Mar ḃí púdar dá loscaḋ acu mar ḃeaḋ sneaċta dá séiḋeaḋ
> piléir a' pleascaḋ agus iad ag imeaċt le gaoṫ
> Aċ séard dúirt Caitín Potter leis an soiṫeaċ a ḃí léiṫi
> leinean di féineaċt nó go maróḋ sí an saol."

B'é an tAṫair Ḃáitéar Ó Conḃaí a ḃí ina sagart paráiste ar an gCeaṫrúin Rua le linn Bhalfour a ḃeiṫ ṫiar. Ċuir an tAṫair Ḃáitéar fios ar Bhalfour ag a ṫeaċ ar a gCeaṫrúin Rua agus rinne fleaḋ agus féasta dó. Nuair a ḃí an sagart a roinnt na biotáilt air ċuir sé braon de poitín láidir tríd a ḃfuisce dó. Taitniġ an deoċ ċoṁ maiṫ sin le Balfour go raiḃ sé i ngiúmar ċoṁ mór agus gur síneáil sé conraḋ go ndéanfaḋ sé droiċid Ċonamara ar ċoṁairle an Aṫair Ḃáitéar. Ní raḃas aige go raiḃ poitín tríd a ḃfuisce agus níor ṫuig sé aċ oireaḋ céard a ḃí sé a síneáil nuair a d'iarr an sagart air an páipéar a síneáil.

Lá'r na ṁáireaċ nuair a ḃí sé a fágáil an Ċeaṫrúin Rua sea a ṁeaḃraiġ an tAṫair Ḃáitéar dó gan dearmad a ḋéanaṁ ar a ġealltanas. "Céard a ġeall mé?" adeir Balfour. "Tá sé anseo" adeir an sagart "agus t-ainm leis." Sin é an uair a ṫuig Balfour go raiḃ sé súgaċ aċ síniġ sé an páipéar don tsagart mar ba ṁinic roiṁe sin a rinneaḋ iarraċt ar ḋroiċid a ḟáil déanta aċ ní raiḃ aon ṁaiṫ ann.

Tá lorries ṁóra inniú ag iompar ualaí troma de ċuile ċineál earraí treasna casáin na mbáid ṁóra agus na bpúcáin a ḃíoḋ ann roiṁe seo i gConamara. Dá mbeaḋ fáil ag an nglúin a ċuaiḋ romainn a teaċt ar ais d'aḃróḋ siad gur rugaḋ iad féin in antráṫ nuair b'ḟeicidís oibreaċaí an lae atá inniú ann.

Seán Ó Congaola

# Feilm in Éirinn Fadó

Go minic feiceann muid an focal Ráṫ nó lios in áit-ainm - Ráṫ Éanna, Ráṫ Ṁór, Ráṫ luirc 7rl agus lios Tuaṫail, lisín na heilte, lios Mór, lios na Sgeiċe féin. Ciallaíonn an dá focal seo an rud céanna. Sé an feilm é a ḃíoḋ in Éirinn fadó. Agus cé ċom fada siar a téann fadó? Téann sé siar roiṁ aimsir Ċríost agus lean an sáġas feilme seo ar aġaiḋ go dtí tuairim míle bliain ó ṡoin in Éirinn. Séard a ḃí sa Ráṫ nó lios, píosa ciorcalaċ talún agus móta timpeall air. Ḃí cuid de na Ráṫanna beag go maiṫ, tuairim 50 troiġ treasna agus ḃí cuid acu mór go maiṫ, suas le 200 troiġ. Toġaḋ an píosa talún go minic mar ḃí sé níos airde ná an talaṁ timpeall air. Gearraḋ trinnse timpeall ar an bpíosa talún, agus rinne an stuf a ḃí ann an móta. Ḃí cuid de na mótaí seo an-ṁór agus láidir agus tugtar dún, caiseal nó caṫair ar a leiṫéid. (Dún Aongusa, lios Dún Dearna, Caiseal Muṁan). Tá somplaí ann in áiteaċa a raiḃ dó nó trí de ṁótaí.

Tá sé an-deacair a ḋéanaṁ amaċ anois cé ṁéad acu a ḃí in Éirinn mar tá go leor acu scriosta anois ag feilméirí, luċt bóṫar ag baint ainiṁ agus mar sin aċ tá idir 20,000 agus 30,000 acu le feiceál fós.

Taoḃ istiġ sa Ráṫ ḃí an feilméir ina ċónaí agus ḃíoḋ a ċlann ann freisin agus a ċuid beiṫíoċ san oíċe. I gcuid acu freisin tá cruṫú go raiḃ stáblaí aige ann. Ḃí a ṫeaċ déanta de ċloċa, aḋmad agus fóid.

Tá fios againn ó ḋlíṫe na mḂreiṫiún faoina beiṫiġ, uirlisí 7rl a ḃíoḋ ag an ḃfeilméir láidir. Ḃíoḋ 20 bó, 2 ṫarḃ, 2 ċráin, 20 caora, muca, caiple, madraí, aige. Níl ḟios agam cá raiḃ muintir na háite seo le dá ḃó agus asal! Ḃíoḋ dá ṡáġas céaċta ann, ceann trom agus ceann éadrom. Agus ar ndóiġ ḃí an lái acu freisin. Imeasc na mbarraí a cuireaḋ ḃí cruiṫneaċt, coirce, eorna, seaġal, líon, brassica, (as seo ċeapainn a ṫáiniġ an focal "praiseaċ" anois), meacain, oinniúin, gáirleog, agus plandaí bata.

Ḃí corrán aige agus rud suimiúil faoi, ḃain sé an coirce, eorna 7rl ṫuas in aice leis an ngrán. Is cosúil naċ raiḃ aon ṁeas ar an tuí le tuíadóireaċt. Níl aon ċruṫú ann go raiḃ speal acu. M'anam muise go ḃfuil dul ċun cinn déanta againn ó ṡoin cé go ḃfuil an corrán beo fós. Buaileaḋ an coirce le súiste.

Déanaḋ roinnt maiṫ curadóireaċta aċ ḃí níos mó measa ar beiṫíġ. D'fágtaí na beiṫíġ seasc amuiġ ar feaḋ na bliana. Deaṁan mórán aoiliġ a ḃí acu ceapainn. Ní mé céard a rinne muintir Co. na Miḋe le haġaiḋ feaṁainne. Is minic a d'ionnsaíoḋ clann aṁáin clann eile agus goiḋidís cuid dena beiṫíġ uaṫa. Le fás na mainistreaċ ḃí i ḃfad níos mó talaṁaíoċta dá ḋéanaṁ.

Ċom fada le mo ḃarúil níl aon ċeann dena Ráṫanna nó na liosanna seo i gConamara (gaḃ mo leiṫscéal, lios na Sgeiċe). Aċ, a ḋuine ba dream ciallṁar iad na daoine sin agus ṫuig siad an scéal. Níl fios agam beirṫe ná beo céard a ṫug na daoine go Conamara. 'S dóiġ go ḃfuil an ceart ag an dream adéarfas gurḃ é Cromail breá a rinne an cleas. Níl a'inne anois le rá aċ go mḃféidir gur feilméirí láidre a ḃí inár muintir fadó agus naċ ḃfuil an dream a ċuaiġ go Co. na Miḋe agus Cill Dara aċ ag fáil a gcuid féin ar ais.

Ruaiḋrí Ṁáirtín Ṁóir.

## Cumann Forbarṫa Ċois Ḟarraige

Ba í an ḃliain seo caite an ḃliain ab réaḃlóidí i saol Ṗaráiste an Ċnoic. Rinneaḋ luaċ £31,000 de ċoláiste Gaeilge: Rinneaḋ monarca a ċiúrfas obair do ós cionn 20 duine. Rinneaḋ luaċ £3,750 de slip: Rinneaḋ séipéal nua de ṡéipéal an Ċnoic agus mar ḃarr air sin uile ḃua an Paráiste an dara duais i gComórtas Ġór na nGael.

Tá tionscail uile na Gaeltaċta buailte amaċ ag an gcuartaíoċt sa bParáiste seo. Beiḋ beagnaċ céad teaċ ag coinneál strainséaraí i mbliana. Beiḋ suas le 530 scoláire i gColáiste Lurgan i mí Iúil agus an oireaḋ céanna i Lúnasa. Tá tiṫe dá ndéanaṁ ṫar a ċéile, méadú dá ċur ar ċuille acu agus praġas láṫaireaċta tiṫe níos daoire ná ariaṁ. Tá cuid ṁaiṫ ag fáil a dtoirtín féin as an obair seo uile, - na daoine a ċoinníonn strainséaraí, siopadóirí, luċt tógála tiṫe agus dá réir.

Ní mór cuiṁniú naċ iad na daoine is boiċte atá in acṁainn an éadáil is mó a ḃaint as strainséaraí. Mar sin de ḃarr strainséaraí leaṫnófar an ḃearna idir a dteaċt isteaċ seo atá dá gcoinneál agus iad seo naċ ḃfuil. Sin é a ḟágann ceantar a ḃfuil agaiḋ strainséaraí air níos mó i dtuilleamaí tionscail eile i dteanta na cuartaíoċta le teaċt isteaċ a ċur ar fáil dóiḃ seo naċ ḃfuil ag déanaṁ aon ṗingin ar strainséaraí.

Sé sprioc an Ċumainn go mbeaḋ páiġ ṁaiṫ seaċtaine de ṫeaċt isteaċ ag ċuile ṫeaċ sa bPáráiste. An bealaċ is fearr le sin a ḋéanaṁ, monarcain a ḃeiṫ fairsing ins an áit. Is idir Connemarble Tta agus Gaeltarra Éireann atá an monarca marmair atá déanta ar an gCnoc. Seo í an ċéad ṫionscal nua a bunaíoḋ de ḃarr na gcuṁaċtaí breise a tugaḋ do Ġaeltarra Éireann faoi Aċt Leasaiṫe na dTionscal Gaeltaċta 1965 ċun tionscail nua a ṫabairt ċun na Gaeltaċta. As próiséis ar éiriġ go maiṫ leis ṫar lear a baineas an ċomluċt úsáid le marmar Ċonamara a ġearraḋ ina ṫíleanna. Tosófar le scór agus faoi ċeann dá ḃliain beiḋ suas le 30 ag obair ann. Aċ is beag an ṁaiṫ ceann - tá an Cumann ag iarraiḋ tuilleaḋ tionscalóir a ṫarraingt ins an áit. Tá suíoṁ monarcain ag an gCumann agus is iomaí suíoṁ coṁ feiliúnaċ leis atá le fáil ón Spidéal go Cruiṁġlinn.

Tuigeann an Cumann Forbarṫa go mbeaḋ an taoḃ tíre seo in an-ċaoi faoi láṫair maraċ an dole. Tá sé ráite ag Airí Rialtais gur ar luaċáil na talún a aireofar an méid dole atá duine i dtiodal a ḟáil. £20 teaċt isteaċ sa mbliain a ċoṁaireann siad don £1 luaċála. Abraíonn an Rialtas naċ gcuirfiḋ sé seo bac ar ḋul ċun cinn duine aċ ní ċreideann an Cumann é sin a ḃeiṫ fíor mar ceistitéar luċt dole faoi na dteaċt isteaċ ó ṫiṫe gloine agus ó ṁóin. Naċ ḃfuil sé dlisteanaċ acu seo ar rinneaḋ an ceistniú sin orṫa agus a h-ístioḋ sa dole ina ḋiaiḋ a ċeapaḋ gurḃ é a dteaċ gloine agus a gcuid móna ba ċiontaí leis. Seoḋ é a d'iarr an Cumann ar An Aire Leasa Soisealaí lena gcead seo a ḃí ag fáil an ċúnaṁ dí ḟostaíoċta.

1. Naċ n-ísleofaí an cánaṁ dí-ḟostaíoċta mar ġeall ar ṫáirgí earraí talṁaíoċta agus go mba ċeart táirgí tiṫe gloine agus móin d'aireaṁ mar ṫáirgí talṁaíoċta.
2. Nár ċeart an ċéad £5 luaċála a áireaṁ nuair atáṫar ag déanaṁ amaċ an cúnaṁ atá duine i dtiodal a ḟáil.

3. Go ḃfuiġfeaḋ an tuismiṫeoir nó an caomhnóir liúntas dí-ṗostaíoċta i leiṫ cleiṫiúnaí go dtí go mbeidís oċt mbliana déag mara ḃfuil teaċt isteaċ ag na cleiṫiúnaí súl má ṡroiseann siad an aois sin.
4. Naċ ngiorrofaí baintreaċ fir sa ċúnamh dí-ṗostaíoċta tar éis ḃáis a ṁná.

Ní mó ná go nḋéanfaḋ ċuile ṗaráiste ins an Iarṫar an t-iarratas céanna ar an Roinn Leasa Ṡóiséalaí go gcuirfí an leasú seo i ḃfeiḋm taoḃ istiġ d'aċar gearr.

Ċaiṫ an Cumann cuid ṁaiṫ den ḃliain ag plé le oideaċas. Cé go raiḃ saor-ṫaisteal le fáil acu seo a ḃí os cionn 3 ṁíle ón nGairm Scoil ní raiḃ an bus dá ḃfáġáil ag an scoil go mbíoḋ sé idir 10.15 agus 10.30 cé go dtosaíoḋ na ranganna ag 9.30 A.M. De ḃarr aṫċainge múinte agus mí-ṁúinte le ċéile friṫeaḋ cúrsaí i gceart roiṁ an Nollaig. D'oibriġ an Cumann gan buíoċas do Ṫeaċtaí Dála Ġaillimh Ṫiar le haġaiḋ aḃanntraċ na Gairm-Scoile agus Coláiste Ċroí Ṁuire sa Spidéal a ḟáġáil mar a socraíoḋ.

Scoil ċuileáilte í scoil an Ċnuic le píosa aċ níl aon ċosúlaċt tosaiṫe ar scoil nua agus mé dá scríoḃ seo. Tá tuismiṫeóirí bréan de na gealúntaisí gan comhlíonaḋ atá dá dtaḃairt dóiḃ leis na blianta. Ní ḟeiceann an Cumann aon ḃealaċ síoċánta leis an scéal a réiteaċ agus sláinte na ngasúr a ċur ó ḃaol aċ malairt áráis a ċur ar fáil mar scoil – go nḋéanfar scoil nua. Aċ baineann ós cionn £500 costais sa mbliain leis seo agus ina ṫeannta sin dá ḃfeiceaḋ an Roinn áras maiṫ mar scoil ag na gasúir b'féidir go mbeaḋ níos mó moille ar scoil nua. Feicfiḋ muid.

Maidir le iascaċ tá Slip déanta sa loċán beag agus is ar a crann atá a maiṫ a ṫaispeáint don ċeantar uaiḋ seo amaċ. Ṫug an tOllamh Ó Céidiġ léaċt ar iascaċ agus ḃí roinnt ṁaiṫ iascairí i láṫair. Scríoḃ an Cumann go dtí an Roinn Talṁaíoċta agus Iascaiġ agus Roinn na Gaeltaċta ag iarraiḋ cead a ḃeiṫ ag feara Fáil iascaċ le sruṫlíonta amaċ ó ċóstaí na Gaillimhe, deisceart Ṁuiġeo agus an Ċláir maidir le cead iascaċ ar uiscí intíre. Ní muide aṁáin atá ag plé leis an obair sin faoi láṫair. Sé a ḟearaċt ag foġléireaċt é. Creideann muide gur ag áitreaḃaí na háite atá cearta iascaiġ agus foġléireaċta na háite agus naċ ḃfuil sé ceart cóir ná feiliúnaċ é ḃeiṫ i láṁa eaċtrannaí.

Tá caoi ḃreá ar ṡeipéal an Ċnuic agus an-slaċt curṫa timpeall air. Tá molaḋ ag dul don Aṫair de Bláca as cóṁ barrainneaċ is a ċuir sé airgead an ṗaráiste ag obair dá ḋeasú. Sén rud is suntasaí gur rinne muintir an ṗaráiste an direaḋ oibre in aisce ar an Seipéal sin is a rinne an paráiste is fearr i nGaeltaċtaí na hÉireann. Ḃí an Cumann i dteangḃáil le Bord Soláṫair an Leictreaċais faoi ṡolas a ċur ar fáil dóiḃ seo naċ ḃfuair an uair deire é. Ṫug siad aird ar ár n-aṫċuinge cés moite de ċupla teaċ atá aontraic agus i ḃfad ón mbóṫar.

I dtús na bliana ċuir An Roinn Poist agus Teileagraf ciorcallán amaċ ag rá go raiḃ roinnt d'Indreaḃán le cur faoi ṡeolaḋ an Spidéil. Ċuir an Cumann ina aġaiḋ seo agus fágaḋ ar an sean ċaoi é. D'iarr an Cumann freisin go n-aṫrófaí ainm an ċeantair Poist seo againne ó Indreaḃán go Cois Ḟarraige. Sé barúil an Ċumainn gur ainm níos aiṫeanta Cois Ḟarraige ná Indreaḃán i súile strainséaraí. Maiṫ eile ní ḃeaḋ aċ an t-aon leagan den ainm – an leagan Gaeilge.

Obair ṫíoḃasaċ í sin ar fad agus an té naċ ḃfuil aċ tíoḃas ag dul idir é féin agus coḋlaḋ na hoíċe is cuma dó ann no as. Sé a ḟearaċt ag Cumann é. Ḃí an-oíċeanta spóirt sa scoil sa nGeiṁreaḋ. Ḃí dá oíċe ḃíospóireaċta ann. Ḃí halla na scoile lán go doras ċaon oíċe agus ḃain ċuile duine craic as a raiḃ le rá ag na cainteoirí. Ḃíoḋ ceol, aṁránaíoċt, damsa, agallaṁ beirte agus filíoċt againn. Ba minicí na sean-ḃuaċaillí ag bualaḋ coise ar ṗort ná na ceanna óga agus b'iad a ḃí in ann. Ḃí oíċe ṁaiṫ eile againn an oíċe ar ṫaisbeáin an tAṫair Taḋg Ó Móráin pictiúirí ar ṫeilgeoir a ṫóig sé agus é i Meiriċá.

Níor ṁisce a ṁeabrú freisin gur ḃua an Paráiste an dara duais i gComórtas Ġlór na nGael 1967 aċ cé gur mór is fiú £50 agus gur iontaċ an dúiseaċt a ḋéanann gradam dá léiṫid ar spiorad ceantair ní ar a son a d'oibriġ muide anuraiḋ ná i mbliana aċ le saol níos fearr agus níos compóirtí a ċur ar fáil do ṁuintir an Paráiste. Aon obair atá ḋunaiṫe ar an gcaṫrannaċt tiocfaiḋ rud dá ḃarr aċ más ar a ċeirtlín féin a ḃéas ċuile duine ag toċras ní hé aṁáin naċ nḋéanfaiḋ siad maiṫ ar aon duine aċ bascaiḋ siad iad féin leis an aimsir. Ní sin é an mianaċ atá i mbaill an Cumann Forbarṫa agus maraċ naċ é b'ḟada an lá tiṫiṫe ó ċéile é. Níl againn aċ a ḃeiṫ ag súil gur mar sin a ḃéas sna blianta atá roṁainn pé ar biṫ aṫrú a ṫiocfas ar an gCoiste ó ṫaoḃ ḃaill agus oifigí.

Peadar Mac Con Iomaire.

+++++++++++++++++++++++++++

## An Ṡearrán Bán

Ḃí buaċaill agus cailín óg ag siúl le ċéile i gConamara. Ḃí siad ar a stáid ag cúirtéaraċt agus ċuaiġ an scéal ċom fada gur socraiġ siad go bpósaidís. Aċ nuair a ċuala a muintir é, ní raiḃ ceaċtar don dá ṁuintir sásta. Ní raiḃ muintir an ḃuaċaill sásta leis an gcailín, agus ḃí an scéal céanna ar an taoḃ eile.- ní raiḃ raiḃ muintir an ċailín sásta leis an mbuaċaill. Aċ ar aon nós níor stop sin iad - déanaḋ an pósaḋ. Ḃí na comarsannaí go maiṫ. Ċruinniġ na comarsannaí agus ċuaiġ siad amaċ i ngleann breá sléiḃe agus ṫosaíoḋ ag gróige cloċa ós cionn a ċéile. Ċuaiġ sec eile ag baint ġiúsaí agus dream eile ag baint scraṫaċaí agus ní mórán aċair go raiḃ boṫán beag tí déanta. Ḃí siad ansin ceart go leor aċ cén ċaoi a mairfidís. Ní ṁairfidís ar ċíb ná ar ḟraoċ agus ní raiḃ tada eile ann agus ní ḃfuair ceaċtar acu pingin rua ná ġeal óna muintir mar ní raiḃ siad, mar adeir mé, ċeana sásta leis an bpósaḋ, agus ní raiḃ aon pingin le saoṫrú in aon áit aige'san agus ní raiḃ aon ċeird aige aċ ceird aṁáin. Ḃíoḋ a aṫair ag déanaḋ poitín agus ḃíoḋ seisean ag cuiḋiú leis an aṫair agus ḃí an ċeird sin piocaí suas go maiṫ aige agus ṫosaiġ sé ag déanaṁ poitín agus ós rud é go raiḃ sé ag tosnaí an tsaoil ḃúirt sé go mb'ḟearr dó tosnaí déanaṁ poitín maiṫ agus rinne agus is gearr go raiḃ a ċáil i bfad agus i ngearr naċ raiḃ aon ḃraon le fáil mar ḃí ag mo ḋuine, agus ḃí sé a' fáil an-imeaċt air agus ḃí siad ag

déanaṁ amaċ ṫar cionn, ṫar cionn ar fad. Ṫáinig muirín ḋóiḃ, agus má ṫáinig is gur ṫáinig ba coṁluadar compóirteaċ, suaiṁneaċ a ḃí iontu aċ ḃí go leor anró aige - anró a' tarraingt ṁóna go dtí an áit a' raiḃ sé ag déanaṁ an poitín agus ag tarraingt an poitín anseo agus ansúd. Agus d'éiriġ leis gur casaḋ gearrán bán leis a ḃí le díol ag comarsa agus ceannaiġ sé é. Capall an-sásta ar fad ab ea an gearrán seo agus ṫóig sé go leor den anró dósan agus in éineaċt leis sin ní ḃíoḋ aige aċ é scaoileaḋ amaċ ar an sliab agus ḃí sé le fáil i gcónaí ansin aige nuair a ṫeastaíoḋ sé. Ċuaiġ sé amaċ ar aon nós an tráṫnóna seo agus mála mór braċ ar an ngearrán aige agus rinne sé dá ḃaraille leanna. Scaoil sé amaċ an gearrán mar a scaoileaḋ sé i gcónaí. Ḃí sé ṁaineaċan lae nuair a ḃí sé críoċnaiṫe leis an obair sin idir ġaḃail agus ċuile sórt agus ḃuail sé abaile. Ċuaiġ sé codlaḋ. Nuair a ḃí a ḋóṫain codlaiṫe aige ḃuail sé amaċ arís go ḃfeiceaḋ sé cén ċaoi a raiḃ an leann nó a' raiḃ na baraillí ceart agus séard a ḃí ann lá breá te agus sular ċuaiġ sé ċoṁ fada le na baraillí ċor ar biṫ céard a ġeoḃfaḋ sé ansin sínte ar an gcriaṫraċ aċ an gearrán agus gan deoir ina ċluais. Ó ḋeaḃail adeir sé an gearrán básaí! Aireoiḋ mé é. Ḃí sé ag déanam bróin ós cionn an ġearráin aċ ċeap sé gur fearr an leas ab ḟearr a ḃaint as ab ḟeidir a ḃaint as má ḃí sé imiṫe ḟéin. Ṫarraing sé amaċ scian agus d'ḟeann sé an gearrán, ó ḃarr a sróine go dtí barr a ḋrioball tá sé ċoṁ maiṫ a rá. Ḋúbaill sé suas an craiceann agus d'imiġ leis agus níor ḃain sé méir dá ṡrón go dtí go ndeaċaiḋ sé go dtí fear a ḃíoḋ a déileáil san obair sin. A' ceannaċt craicne beiṫíoċ agus ċuile sórt dá ndíol aríst. Ṫá tú an-ṫráṫúil anois adeir an fear leis. Anois ḃí mé cur ċun ḃealaiġ an méid craicne a ḃí agam go díreaċ. Ṫug sé luaċ an ċraicinn dó agus ċuaiġ mo ḋuine aḃaile. Ḃí a ċroí briste agus séard a rinne sé síneaḋ ar an leaba. Ní mórán a ċodail sé an oíce sin, aċ le giolcaḋ na fuiseoige ar aon nós ḃí sé ina ṡuí arís go ḃfeiceaḋ sé cén ċaoi a raiḃ an leann ag déanam. Nuair a d'oscail sé an doras céard a ḃeaḋ ina ṡeasaṁ ar an tsráid aċ an gearrán agus aġaiḋ isteaċ ar an doras. Agus an créatúr ba uafásaċ go deo an feic é. Agus sin é an uair ar ċuiṁniġ mo ḋuine céard a ṫarla. Agus cén dearmad mór a rinne sé ḟéin. Rud naċ ndearna an gearrán ariaṁ le teas an lae agus leis an tart ċuaiġ sé in éadan ceann de na baraillí agus anró titiṫe ar meisce a ḃí sé nuair a fuair mo ḋuine é. Ṫá an craiceann imiṫe anois adeir sé níl aon ṁaiṫ dom dul ar a lorg agus anró adeir sé dá ḃfaiġinn ḟéin é is dóiġ naċ mbeaḋ aon ṁaiṫ ann. Rinne sé smaoineaṁ eile agus d'imiġ leis go ndeaċaiġ sé go dtí fear a ḃíoḋ ag marú caoraċ. D'inis sé an scéal dó. Níl mé i ndon aon ċeo a ḋéanaṁ duit adeir an fear a ḃíoḋ ag marú na gcaoraċ aċ tá cárnán craicinn caoraċ ansin agus má ċeapann tú go ndéanfaiḋ siad aon ṁaiṫ duit tá siad le fáil agat agus fáilte. Líon sé suas rópa de na craicne caoraċ, ḃuail sé ar a ḋruim iad agus ṫáinig sé ar an tsráid arist agus ḃí an gearrán ansin fós. Scaoil sé amaċ an rópa agus ṫóig sé craiceann agus leag sé suas ar an ngearrán é. Ċrom sé agus ṫóig sé ceann eile agus nuair a ṫóig ḃí an ċéad ceann tititṫe, agus ní raiḃ aon ṁaiṫ dó ann ní raiḃ siad ag fanaċt aċ ċuiṁniġ sé ar seift eile. Ḃí olainn ḃeag in aice an tí agus ḃí beart breá sailí caite san olainn. Ṫug sé leis an beart sailí agus gearr sé suas ina staiceanna é - barr maiṫ géar ar ċuile ċeann acu. Leag sé suas craiceann caoraċ ar an ngearrán agus sáiġ sé cupla staic sailí isteaċ ann agus, anró

D'ḟan sé ansin agus ċoinniġ ar nó gur ċuir sé brat de na craicne caoraċ ar an ngearán agus é ag cur na staiceanna sailí seo isteaċ ionta. Nuair a ḃí an obair críoċnaiṫe arnó ní raiḃ mórán barúil aige go ndéanfaḋ sé aon ċúis. Ṫug sé amaċ an gearán arís agus scaoil sé amaċ é ar an sliaḃ agus d'ḟan sé ansin cupla lá. Ní ḃeaḋ ḟios agat an raiḃ sé dul i ndonnaċt nó a raiḃ feaḃas ag teaċt air. Aċ tar éis na cupla lá ṫosaiġ sé ag innealtra ċart an an sliaḃ agus ċuile lá níos mó ḃí feaḃas le feiceál ar an ngearrán agus le imeaċt aimsire d'ḟás na craicne caoraċ go breá agus in éineaċt leis sin ṫosaiġ an tsail ag fás agus an ḃliain ḃár gcionn ḃain sé aḃar trí ḃéire cléiḃ den ġearrán - ḃí an oireaḋ sin de ċoill ṡailí air agus ḃain sé ḋá ċloċ olna ḋó agus ḃíoḋ sé ag déanaṁ obair ċuile ċapall eile ċoṁ maiṫ nó ag déanaṁ a ċuid oibre seisean ar ċaoi ar biṫ.

Seán Ó Donnċaḋa.

++++++++++++++++++++++++++++++++

## An Sean-Ḟear agus an Ministéara

Ḃí sean-ḟear aon uair aṁáin agus sean-ḟear an-diaganta a ḃí ann aċ buaileaḋ suas le pianta cnáṁ agus scoilteaċa é agus sé an t-asal a ṫugaḋ sé leis ċuile ṁaidin a' goil ag an Aifreann agus ḃí an créatúr a' goil ag an Aifreann ċuile ṁaidin. Aċ an ṁaidin seo nuair a d'éiriġ sé ḃí an t-asal imiṫe agus nuair a ċuaiġ sé ag cuartú an asail cén áit ar friṫeaḋ an t-asal aċ istiġ i nGáirdín an Ministéara agus ḃí go leor milteanas déanta aige. Ḃí an ministéara le buille agus le báinní, ḃí sé le dlí ċur ar mo ḋuine. Dúirt mo ḋuine leis naċ raiḃ aon ṁaiṫ ḋó ann, naċ mbaineaḋ sé aon ċeo ḋó féin. Bainfiḋ mé rud éigint duit deir sé nó gaḃaḋ tú san bpríosún. Dona go leor deir mo ḋuine. Ḃfuil ḟios agat adeir an ministéara céard a ḋéanfas mé leat? Déanfaiḋ mé margaḋ anois leat. Bíonn tú a' goil ag an Aifreann ċuile ṁaidin. Bíonn adeir mo ḋuine. Má ṫagann tú a'm-sa anois adeir sé ċuile ṁaidin in áit a ġoil ag an Aifreann, ní ḃacfaiḋ muid céard atá millte ag an asal níos mó. Tá go maiṫ adeir sé, tá mise sásta. Maidin lá arna ṁáireaċ ċroċ sé leis an t-asal agus rinne sé súráilte naċ mbeaḋ an t-asal imiṫe aċ oireaḋ agus ċuaiġ sé ag an Aifreann agus ar a ḃealaċ aḃaile ḃí an Teampall Gállda roiṁe agus ċeangail sé an t-asal taoḃ amuiġ, agus ċuaiġ sé isteaċ agus siúl sé síos agus aníos. Lá arna ṁáireaċ rinne sé an rud céanna agus leis an scéal fada a ḋéanaṁ gearr ḃí sé ḋá ḋéanaṁ in imeaċt coicíse agus arnó ní raiḃ sé ḋá ḋéanaṁ i ngan ḟios don Ṁinistéara agus ḃí sé roiṁe an ṁaidin seo. "Nár ġeall tú domsa", adeir sé, "go dtiocfá a'm ċuile ṁaidin." "Agus naċ ḃfuil mé teaċt ċuile ṁaidin," adeir sé, "ó ṡoin". "Tá tú," adeir an ministéara, "aċ tá tú a' goil ag an Aifreann ar dtús." "Ó, táim" adeir sé. "Tá mé a' goil ag an Aifreann", adeir sé, "le m'anam a ṡáḃáil, agus tá mé teaċt a'tsa," adeir sé, "le m'asal a ṡáḃáil."

Seán Ó Donnċaḋa.

# AṀRÁN AN ĊAORA

1.

Ċruinniġ na fearaiḋ go fonnṁar
Is tiúrfaiḋ mé an cuntas cén fáṫ,
Ḃí an Nollaig ṁór caite go súgaċ
Is an sneaċta ina ṁútaí ins gaċ gleann.

2.

Cé raċas ag imirt cúig cúig liom,
Is a leagfas go stuama an máṁ,
Tá mart ar an gclár seo le ngóṫaċtáil
Uaiḋ an gCoisdealḃaċ Rua as an bPáirc.

3.

Sé an áit ar suiġ muid an oíċe sin
Tí Ṗádraic Ṁac an Rí ag an Droiċead
Is cuireaḋ roṁainn fáilte agus míle ann
Is ceapaḋ gaċ ní roiṁe réir.

4.

Ba gearr go raiḃ an ceiliúr ċart timpeall
Is fiafruiġeaḋ ar caora í nó éan
Aċ is cuma cé gcónaíonn an biṫreaḃaċ
Is gearr go mbeiḋ gríscín ḋá ṫéaṁ.

5.

D'ḟreagair an stáih-ḟear go múinte
Is labair sé go ciúin is go réiḋ
Séard adúirt sé gur caora a ġnoṫaiġ buais í
le meaċan, le tiubas is le méid.

6.

Gur ċaiṫ sí seal fada ina cúram
Ar ṫalaṁ a ḃí pluċta ag an ḃfear
Is go raiḃ buaċaillí ceapaiṫe i gcaiṫeaṁ an ḟóṁair
Ḋá cumḃaċ i nṠleantáin máṁ éan.

7.

Is leagaḋ na boird lena céile
Is cuireaḋ gaċ aon ḟear ina suí
Is roinneaḋ na cartaí deas éasca
Is ceapaḋ an game ar cúig fiċead

8.

Is ansin ṫosaiġ an lascaḋ is an réabaḋ
Nó nár hairíoḋ é ag éalú an ṁeán oíċe
Aċ ó ruaigeaḋ Rí Séamas as Éirinn
Níor facṫas aon ṗléaṫáil mar í.

9.

Leanaḋ den caṫ sin go maidin
Ag liúraḋ, ag lascaḋ is ag gleo
Is ċloisfí gaċ uaill is gaċ eagal
Taoḃ ṫiar de Ċeann Caillí gan stróḃ.

10

Sa beire ḃí cosc leis an aċrann
Is fógraíoḋ trí ainm sa roṫ
Ḃí gruaite ag an ḃfilí is Cóil Saile
Is an Breaṫnaċ as Scailp an Ċait Ṁóir.

11.

Is ċuaṫas ar a tóir lá arna ṁáraċ
Is níor fágaḋ ag Máirt í ná ag Luan
Nó gur dúisíoḋ cois claḋaiġ sa ngleann í
Is déanaḋ í a ṡáinniú le cuan.

12

Ċruinniġ na sluaite as gaċ ceard ann
Nó gur daoraḋ ċun báis í go luaṫ
Ansin ṫáinig an Breaṫnaċ is Cóil Seáinín
Is ḃuail siad sa gceann í le tlú.

13

Fuadíoḋ ċun bealaiġ den trá í
Gur croċaḋ go hárd í le téad
Is gur deanaḋ í a ṗeannaḋ is a láiṁseáil
Imeasc fianaise láidir gan ḃréag.

14

Aċ nuair a ḃí sí glanta agus meáite
Ċloisfeása an gáire ó gaċ meiṫeal
Mar ní raiḃ ḟios ag an dream a ḃí láiṫreaċ
A mba pocaide bán í nó reiṫe

15

Is casaḋ an filí an bealaċ
Nó go ḃfuiġeaḋ sé a ċuid ċneasta den ġreim
Séard adúirt sé, "tá an créatúr an-tanaí"
Níl spreáille i ḃfad ar a droim.

16

Is a dtugann siḃ aon ní faoi deara
Tá a cuid adarca imiṫe casta ag an aois
Insíonn a súile is a haṁarc
Gur ċaiṫ sí seal fada faoi ḃraíoċt.

17

Is leagaḋ go héasca ar an mbloc í
Nó gur gearaíoḋ na sceanna le file
Gur roinneaḋ a ċuid ḟéin ar gaċ fear de
Idir ċraiceann is easna agus aḋairc.

18

Aċ níl rud ar biṫ a rinne mé a ḃascaḋ
Ná ċuir mise treasna ar an gclaí
Aċ nuair a ceapaḋ £5 in aġaiḋ an ċréacta
A d'iṫ sí ar Ṁaiḋc Pádraic Ṫaiḋg.

19

Anois tá sí roinnte ina spóla
Is í imiṫe ina bpóca ag an triúr

Cuirimse an cugar faoi ḋó ort
Cá nDeaċa an mac mór a ġnóṫaiġ an Duais.

20

Tá sé ina ċeiliúr is ina ċomrá
Ina ṡeanċas mór i nGaċ clúid
Go mbeiḋ sé ina ṡíor-ċaṫ na Bóinne
Mara socraí fear foġlanta an ċúis.

21

Anois ólfaiḋ muid sláinte ar an gcaora
Is déanfaiḋ muid siamsa agus greann
Go ḃfága Dia a sláinte is a saol
Ag ċuile líon tí dá raiḃ ann.

22

Is arís nuair a ṫiocfas an geiṁriḋ
Le cúnaṁ Ṁac Naofa is a Ṁ ċair
Beiḋ muid ag imirt na gcaoire
Is ólfaiḋ muid fíon agus leann.

Joe Seamuis Seáin.

++++++++++++++++++++++++++++++++++

## An tAṫ. Seán Ó Gráda S.P.

Is breá an caoi atá ar Séipéal an Ċnoic. Tá molaḋ mór tuillte ag muintir an ṗaráiste agus ag an Aṫair Seán De Bláca a stiúraiġ an obair agus a rinne díol beirte é féin. Aċ nuair a ṫéann muid ar ár nglúine le paidir a rá ar ċeann de na suíoċáin ġreanta nua atá sa séipéal níor ṁiste paidir ḃeag a rá ar son an té a ṫóig an séipéal ar dtús - Aṫair Seán eile sa gcás seo - an tAṫair Seán Ó Gráda a ḃí ina ṡagart paráiste san am. Deir Pat Ċoilm liom gur sa bliain 1810 a ṫáinig an tAṫ. Ó Gráda anseo, go raiḃ cónaí air i gCoill Rua (Sailearna Beag a tugtaí ar an mbaile seo tráṫ). Deir sé ċom maiṫ gurḃ é an duine deireanaċ de na sagairt a raiḃ cónaí air i gCoill Rua é. Ní mórán séipéil a ḃí i gCois Ḟarraige an t-am úd. Ḃí 'Mass- house' i mbeárna, ceann sa Spidéal agus ceann ṫiar sna Cartúir. Ċuir an tAṫ Ó Gráda ċun oibre. Deir seanċas na náite go raiḃ an t-aḋnaḋ ar an séipéal oíċe na Gaoiṫe Móire. I dtús Ṁí Eanáir na bliana 1839 a ṡéid an gála úd. Is cosúil gur déanaḋ roinnt millteanais aċ níor stop sin an sagart cóir agus críoċnaíoḋ an séipéal. Scéal casta é scéal na bparáistí i gCois Ḟarraige. Tá's againn gur 'Paráiste an Spidéil' an t-ainm oifigiúil atá ar an bparáiste seo. Ar nDóiġ tá paráiste an Spidéil eile ann agus é i nDeoise na Gaillime. Cé gur "Spidéal" an seolaḋ a ṫugann an tAṫair Ó Gráda ina ċuid litreaċaí d'ḟéadfaḋ sé gurḃ é Spidéal Ṫuama atá i gceist.

Cén cineál sagart a ḃí san Aṫair Ó Gráda? Ċun an ċeist sin a réiteaċ ní mór a ċuiṁniú gurḃ iaḋ na sagairt treoraiṫe agus taoisiġ an pobail an t-am úd - d'ḟág na péin-dliṫe gan aon treoraí eile iaḋ. Ṫáinig mé ar roinnt litreaċa a scríoḃ an tAṫair Ó Gráda i bpáipéar a ḃíoḋ á ċur amaċ san am - An Galway Vindicator. Léiríonn siaḋ cén ċaoi ar ṡeas an sagart an fód ar son a ṗobail in aimsir an droċ-ṡaoil. Ċáin sé an ruḋ a ḃí le cáineaḋ agus ṁol sé an ruḋ a ḃí le molaḋ. Níor spáráil sé na tiarnaí talún ná an

Board of Works nuair ḃí sé ag iarraiḋ an bóṫar ón gCnoc go hUaċtar Ard a ṫosaí (an bóṫar buí a ḃí i gceist). Ṫáin sé na bláca go láidir - ḃí misneaċ ag sagart a ḋéanfaḋ a leiṫéide mar go ḃféadfaḋ na tiarnaí talún cur leis nó baint ó ṗaráiste do réir mar ṫaiṫneoḋ an sagart paráiste leob. Ní h-aon íonaḋ go raiḃ cuṁa ar na daoine ina ḋiaiḋ nuair d'aistriġ an Seán Mac Éil, Ardeaspag Ṫuama é go paráistí aontaiṫe Muire an Ṁeaḋa agus Ṁainistir Ċnoc Muaiḋe i mí Feaḃra na bliana 1847 agus an Droċ-Ṡaol ina ṫuille. Ċun cuid de na rudaí atá ráite a'm a léiriú ċuir mé aistriú Gaeilge ar ḋá litir a fuair mé san Galway Vindicator. Buíoċas le Dia is stáir anois go leor dá ḃfuil ráite i litir an tsagairt - aċ tá roinnt rudaí ráite sa litir sin a ḃíonn á rá fós ag na Cruinniṫe den Ċumann Forbarṫa!

<u>Don Eagarṫóir-an Galway Vindicator</u>

An Spidéal, 3ú Meiṫeaṁ, 1846.

A Ḋuine Uasail,

An litir seo leanas, atá á ċur faoi ḃráid a Soillse, fear ionad an Rí, agam, tá súil agam go mbeiḋ tú i ndon í ċur i gcló in do ṗáipéar fiúntaċ.

"A Ṫiarna - ba ṁaiṫ liom, le do ċead, a ċur i gcuiṁne dod Ṡoillse gur ċuir mé litir ġearr ag an Galway Vindicator go luaṫ san Aibreán ag cur in iúl don Rialtas cén droċ-ċaoi ina mbeaḋ mo ṗobal boċt ar an ċéad lá d'Iúil muna dtiocfaḋ na Tiarnaí Talún agus an Rialtas i gcaḃair orṫu. Faraíor géar ní mór dom a rá anois níos cinnte go ḃfuil an scéal i ḃfad níos measa ná mar a ċuir mé in iúl ar dtús. Níl fúm áiḃéil a ḋéanaṁ faoin gcás leatsa a Ṡoillse ná le pobal na tíre. Níl fúm aċ an scéal a ṫaḃairt mar atá sé go fírinneaċ agus a inseaċt go ḃfuil an t-ocras tar éis beirt as mo ṗaráiste a ċur ċun báis roiṁ a n-am. D'ḟág duine acu fear agus ceaṫrar páistí lag lúbaċ ina diaiḋ agus níl an cás eile blas níos fearr. Ḃeaḋ an ḃeirt seo beo inniú dá mbeaḋ fiú an méid beaṫa acu a ċoinneoḋ snáṫ faoin ḃfiacail. Faoi láṫair tá trí ċéad comluadar a'm naċ ḃfuil greim a mbéil acu agus na tiarnaí talún groíúla a ḃí ag taḃairt mine dá gcuid tionóntaí le mí anuas - muna leanann siad gá ṫaḃairt ar feaḋ an dá ṁí seo romainn, bí cinte dearḃta ḋe, a Ṡoillse, go ḃfuigiḋ na scórṫa de mo ṗobal boċt bás den ocras. An tseaċtain seo fuair mé £30 ón dream groíúil a ḋáileann an Indian Relief Fund. Ċuir sé seo ar mo ċumas obair a ṫaḃairt do ċéad duine ar feaḋ trí lá an tseaċtain seo agus do ċéad duine eile an trí lá eile don tseaċtain - aċ fágaḋ céad eile gan obair ag braiṫ ar ṫrócaire Ḋé. Ní ḃeiḋ na tiarnaí talún leob féin i ndon muid a ṡáḃáil gan caḃair ḟáil go luaṫ ón Rialtas. Is féidir leat a ḃeiṫ cinte ḋe, a Ṡoillse naċ ḃfuil greim a mbéil ag oiread is duine aṁáin atá luaite a'm tuas ná ag a gcomluadar agus muraċ caḃair a ḟáil ón Indian Relief Fund, ag Dia aṁáin atá a ḟios cén ċaoi a marfeaḋ siad. Tá an oiread sin daoine ag mo ḋoras ċuile lá ag toraíoċt oibre agus bia naċ ḃfuil inseaċt scéil ar an doċar atá déanta ag faillí an Board of Works sa ċeantar seo. Scríoḃ muid ċuca ag iarraiḋ orṫu tús a ċur leis an mbóṫar a molaḋ a ḋéanaṁ ag Seisiúin Speisialta

Uaċtar Árd. Is dóiġ go ḃfuil na ceisteanna ḃí uilig réitiṫe aċ níl an Board of Works ag bogaḋ fós. Ba ṁaiṫ liom a ċur in iúl don Bord, le cead do Soillse, go ḃfuil an t-ocras tosaiṫe, go ḃfuil sé ag dul i méid ċuile lá agus go ḃfeicim oiread faillí agus pat-ḟuaire i riaċtanaisí an ċeantair agus ḃí in aimsir na flúirse. Níl oiread agus paráiste aṁáin in Éirinn, tréṁar rinne mé taisteal le deireannaí, aċ aṁáin an paráiste seo, naċ ḃfuil iarraċt déanta oibreaċa poiblí a ċur ar fáil le saoṫrú a ṫaḃairt do ḋaoine boċta. Tugaim duḃṡlán na ndaoine agus fiú Coimisinéirí an Board of Works a rinne taisteal agus scrúdú ar an gceantar carraigeaċ, sléiḃeaċ, dearmadta seo, a rá an gcaiṫfear oiread is scilling aṁáin ar an áit i mbliana - áit a ḃfuil ocras ar ċéadta, áit a ḃfuil roinnt básaiṫe agus áit a ḃfuiġiḋ go leor eile bás den ocras muna gcuirfear sa deire tiar ċall tús gan ṁoill leis an mbóṫar poiblí ón gCnoc go hUaċtar Árd. Seo paráiste aonraic ar ṫeorainn ḋúiċe fiáin Conamara agus faillí uilig déanta ann; é beiṫ ṁíle ar leiṫead ón Spidéal go Cuan Ċasla; naoi gcéad líon tí ann agus gan fiú scilling aṁáin le caiṫeaṁ orṫu an ḃliain iomráiteaċ seo muna gcuirfear tús gan ṁoill leis an mbóṫar a ṫaḃarfaḋ saoṫrú dóiḃ uilig. Ba ṁaiṫ liom a ḟiafraí den Board of Works, le cead do Soillse, cén fáṫ faillí a ḋéanaṁ sa paráiste boċt iargúlta seo nár ṫug blas trioblóide ariaṁ do luċt an dlí. Cén fáṫ naċ gcuirfí tús le hoibreaċa a ċuirfeaḋ an ceantar i mbealaċ tráċtala, a ṫaḃarfaḋ saoṫrú do ḋaoine boċta agus a ċuirfeaḋ stop le h-ocras. Níl inseaċt scéil ar an droċ-ċaoi ina ḃfuil mo pobal boċt - tá siad ag díol a gcuid pluideanna, a gcuid balcaisí agus ċuile sórt is féidir a iompar ċun go ḃféadfaḋ siad cúpla lá eile a ḃaint amaċ. Gaḃaim pardún a't, a Ṫiarna, mar ġeall ar an litir seo ḃeiṫ níos faide ná mar ḃí beartaiṫe agam aċ tá faitíos orm go gcaiṫfiḋ mé mo ḋualgas críostaí a ċomlíonaḋ agus tagairt a ḋéanaṁ don scéal aríst. Faid is leanann an boċtanas agus faid is leanann na daoine, a ḃfuil sé de ḋualgas orṫu an boċtanas a ċoisceaḋ, dá ḃfaillí sa gceantar seo. An Spidéal boċt mór ċáiliúil - tá sé anois beo boċt. Níor ṫug cuid de na tiarnaí talún ann pingin rua do Ċiste an Rilíf go fóill. Tá an cás níos measa ag na daoine ann ná mar tá ag scláḃaiṫe an Ċine Ġorm: Rilíf! Rilíf atá ag teastáil. Is cuma cén taoḃ as a dtagann sé beiḋ fáilte roimis agus beiḋ muid buíoċ as.

Is mise, a Ṫiarna, do seirḃíseaċ uṁal, dílis,
John O' Grady, P.P.

## Don Eagarṫóir - an Galway Vindicator

Meiṫeaṁ 8, 1846.

A Ḋuine Uasail,

Tá súil agam go gcuirfiḋ tú an t-eolas seo leanas i gcló in do ṗáipéar fiúntaċ. Idir a 11 agus a 12 a ċlog oíċe Dé Saṫairn seo caite ḃí mé a' goil go Co. an Ċláir le ualaċ feamainne in mo ḃád. Ḃí an oíċe dorċa agus gaoṫ láidir anoir aduaiḋ ann. Ḃuail mo ḃád carraig amaċ ón Spidéal agus d'iompaiġ sí druim ar ais. Ní raiḃ aon duine sa mbád liom ag an am aċ mo ṁac - buaċaill ceiṫre bliana déag d'aois. B'éigean dom é ċeangal don ċábla agus é ṫarraingṫe amaċ in mo ḋiaiḋ.

e aċ
úl don
uil sé
t-
e.
isteal
éanta
boċta.
Works
eaċ,
an
nt

blí
ihċe

gan
una
uilig.
, cén
s

ḋ

aḋ ag
féidir
aim
de ná
lgas
iḋ is
é de
eo.
g cuid
. Tá
ine

846.

in
n
mo
il
ní
re



Sé'n cúis go ḃfuil mé á scrí seo ná a' súil go gcuirfeá in do ṗáipéar an ċaoi ar ċaiṫ an tAċ. Seán Ó Gráda, S.P, An Spidéal, liom. Go dtuga Dia a luaċ ḋó. Ṫug sé airgead dom agus ṫug sé cláraċaí agus tairní ḋom, agus ċuir sé siúinéara le mo ḃád a ḋeasú. Muraċ é ní ṡáḃálfainn mo ḃád. Gaḃaim párdún a't, a ḋuine uasail, as uċt an trioblóid seo a ċur ort.

Mise, le meas

Andrew King of Ennislacken near Roundstone.

Seán Ó Mainnín.

+++++++++++++++++++++++++++++++++

## Diseaċ

Ní hé ċuile lá den t-seaċtain a mḃuaileann fíbín scríofa mise. A ṁalairt go h-iomlán a ṁic ó. Aċ ní hé ċuile lá a dtagann borraḋ is biseaċ ar ṗaráiste ar ḃfiú scríoḃ faoi nó ḋó. Ní bréag biseaċ a ḃaiste air is cuma cé'n dearcaḋ atá agat. D'ḟeillfeaḋ spéaclaírí uait mar ar ṫug tú biseaċ ar bit faoi deara ar an bparáiste aċ an t-Eagrán cliúṁar, cáiliúil slaċtṁar so-léite úd nár náireaċ don Ċumann Forbarṫa an t-ainm a ḃaist siad air. Sea, aḃaiste, biseaċ ar ċeantar ar biṫ is cuma cé ċoṁ suaraċ is a ḃreaṫnaítear air a ḃeiṫ i nDon Eagrán a ḟoillsiú ar a gcumas féin. Molaim iad mar tá siad in-ṁolta is cuid ṁaiṫ leo atá go ḃeiréaċaí i bpuiteaċ ag sáiṫ le ceanntar a bí ionas a ḃeiṫ sluctṫa san láib. Ḃí muis. Ní raiḃ tarraingt a n-anála ann, nó cé ar son a mbeaḋ nuair a ḃí cuid ṁaiṫ ceanntair eile ag sú a gcuid fola agus ag caiteaṁ a gcuid smugairlí ar ais linn. Ḃuel slugaiḋís feasta iad mar go gcreideann muide naċ ḃfuil solamóir ar biṫ le fáil i gcoċailí na comharsan. Cén ċaint í seo orm i gceart lár mo ċruaige? Cén ċás é aċ bolg scéalta éaċta i gcruṫ pléascaḋ tré mo ṗeann. "Baloney" adeir tú a ṗleota an ea? An Baloney é Coláiste nua Gaeilte a ḃeiṫ ag lonnraḋ go moḋúil, measúil as ceann na h-Áille Finne? Nó an baloney é Monarcan úr nua a ḃfásfaiḋ torann a cuid inill torann i bpócaí ċuid ṁaiṫ: Taḃair súil ar ṫeaċ an ṗobail is an áilleaċt a ṫimpeallaċt. Cá ḃfuil an Baloney ag baint leis? Nó an cuiṁneaċ leat nuair a ḃíoḋ leadógaí de léasraċaí leatna ar ár gcuid colpaí de ḃárr loscaḋ neantógaí san saol atá caite? Tá tuille le teaċt. Tá a ṁic ó. Is gearr go mbeiḋ sluaiste ag sluaisteáil puití as putógaí an tSliaḃáin. Scoil Náisiúnta atá le tógáil ann faoi na ḃeiṫ slán dúinn. Tá sin ag teastáil go géar. Tá sin. Aċ is fearr go mall ná go bráċ. Stopaiḋ mé anseo faoi láṫair leis na foirgneaṁ móra. Ó ḃó, ar ṫug tú na tiṫe beaga faoi deara. Sílfeá gur fás aon oíċe iad a ċuisle. Cailleaċ a ḃaist an t-sean dream ar ḃráca a ḋeantaí amaċ as teaċ. Ḃuel tá cailleaċa slaċtṁara i ḃfurṁór gaċ doras dúnta sa ṗaráiste faoi láṫair. Beiḋ gnaiṫí dóiḃ agus do ṫuille seomraí le maoil na scoláirí Gaeilge a ṫaiṫíos an ceanntar a ṫógál agus gan scoláire Gaeilge ar biṫ ní teaċ é teaċ naċ ḃfuil teaiċín níoċána agus teaiċín asail ann. I gcead a' ċoṁluadair a deirim an méid atá ráite agam agus i gcead a' ċoṁluadair a ṁolfainn den dream a ċuidíos le scéalta fuaḃara faḃtaċa a ḟoillsiú sna nuaċtáin a ḃeiṫ níos áirdeallaí feasta. Ná tréigí an ceanntar álainn ar siḃ a ṫoraḋ agus ná bíoḋ siḃ faoi ḃoisín an ċaṫ ag

dailtíní ar laoċras leo síor - ṁaslú nuair is obair, dillseaċt, meas, spiorad agus go mór ṁór gníoṁ atá ag teastáil. Tá an saol ag aṫrú a léiṫeoir mar a ḃfuil sé aṫraiṫe. Cé déarfaḋ leat leaṫ ċéad bliain ó ṡoin go mbeaḋ Colaiste na hOllscoile a' sluaisteáil airgid i ḃFarraige a' súil go mbainfidís scil as "baitsiléirí" Ċonamara. Na mílte punt i gceist. Idir mó ḟéin agus tú ḟéin ní fiú míle leaṫpinġin a ċaiṫeaḋ ar scraistí naċ ḃfuil sé de "spunc" ionntu dúiseaċt go h-iomlán nó go mbíonn sé ṫar am dul a ċodlaḋ. Beiḋ aṫrú ann feasta le conaṁ Dé. Feicfiḋ tú go dtiocfaiḋ an lá naċ mbeiḋ gáḋ de ġárda peann a ṫógál as a ṗóca ó ḃliain go bliain nó má ḃíonn ní a' síniú "dole" é. Mo ṁallaċt air mar "dole". Is iomaí fear maiṫ ar ḟág sé poll dóite i dtóin a ṫreaḃsair de ḃarr é a ḃeiṫ sínte 'na smíste san smiċóideaċaí ó ṁaidin go faoitin. Faitíos orṫu go ngiorraí iad dá dtiocfaḋ barr feaḃais orṫu. Ó a Ḋaide go deo ar ċuala mac máṫara ariaṁ a leiṫide de ṡiffileáil--- aċ cén-deaḃal atá orm naċ dtugann aire do mo ġnóṫaí féin. Céard a ḃí mé a' iarraiḋ a rá ċor ar biṫ. Sea a ṁaisce tá foireann peile againn anseo. An fíor-scoṫ do laos naċ ḃfuil i ḃfad i dtaiṫí a ċéile. Déanfaiḋ siad gníoṁ má ṡáḃaileann Dia an "Parish Rule". Cumann Drámaíoċta a ṁic ó tá siad ann go h-iomlán. Aċ oiread le dream tiocfaiḋ siad ċun cinn ar ball aċ foiġid a ḃeiṫ acu. Ní leor dráma a léiriú go liopaisteaċ ar árdán gan feisteas iomlán. Cuireaḋ siḃ ḃur n-intinn ar rud aṁáin, aṁarclann ḋá gcuid ḟéin a ḃeiṫ agaiḃ. Droċ-scéal don ṗoball furṁór hallaí Ċonamara a ḃeiṫ faoi rialú na cléire óir mar a ḃfeileann an scéal don láṁ uaċtair tagann meirg ar insí na ndoirse. Níl dabt ar biṫ naċ ḃfuil Paráiste an Ċnoic ina dúiseaċt. Tá an borraḋ le taḃairt faoi deara agus is gearr go mbeiḋ an toraḋ le taḃairt faoi deara. Deirim go ḃfuil ré na ci[illegible]niúna faoi ċois ag ré na fíriúlaċta. Sinne a ḃí ag smaoiniú ar uaigneas an ḃáid ḃán tá fonn maireaċtála taġta orainn agus níos fearr fós tá fonn orainn maireaċtáil i gCois Ḟarraige. Naċ breá an smaoiniú í maireaċtáil go maiṫ i measc rútaí na teanġan ar coṫú é a blas don té a ġráíos gaċ focal di. Fágaim 'sna smaointe sin siḃ nó go saolaítear an ċéad Eagrán eile de "Ḋiseaċ" faona ḃeiṫ slán dúinn. An ċuid de Earraċ an Ċnoic naċ mbeiḋ stálaiṫe an uair sin beiḋ sé abaiḋ. Más beo dom beiḋ tuille le rá agam. Go soirḃí Dia díḃ.

Seosaṁ Ó Neaċtain (Joe Steve)

++++++++++++++++++++++++++++++++++++++++

## Agallaṁ Beirte

### An tAsbal agus an Filí

**Asbal**

Ba filí tú san gceantar seo nó cá'il tú teaċt ċom fada linn,
Naċ ḃfuil ualaċ peacaí ort san gcaoi ar ċaiṫ tú feaḋ do ṡaoil,
Nó cén fáṫ naċ ḃfuair tú glanta iad sul ar ṫáinig tú ċom fada seo
Mar taoḃ istiġ de na geataí seo ní raċaiḋ tusa coiḋce.

**Filí**

Ara stop is ná bí caint mar sin ní ṫusa Rí na ḃFlaiteas anseo,
Tá Peadar i ḃfad níos ceannasaí is é céimeannaí ós do ċionn,
Aċ ġá dtagaḋ sé ċom fada liom go n-innseoinn-se mo ṗeacaí ḋó
'S má b'ḟan peacaí beaga ar m'anam-sa is cuma leis-sean faoi.

**Asbal**

Ara dún do ḃéal a scaḃtéara is ná bí coineál cainte liom
Tá tú rapáil ar na geataí sin is ġá lasgaḋ ar feaḋ na hoíċe
Aċ má ṫéim-se 'maċ ċom fada leat imeoiḋ tú 'gus teannaḋ leat
Mar tá sé scríoḃta anseo ar na leacraċaí an ċaoi ar ċaiṫ tú do ṡaol.

**Filí**

Ó feicim ċom maiṫ leatsa sin, ní mórán atá le freagairt am
lig isteaċ ṫar na geataí mé is ná bí leaċ ċóm dian,
Nár glaoiḋ siar ar an sagart dom, fuair mé ola is aiṫrí uaiḋ
Nár ṁaiṫ sé mo ċuid peacaí dom sul ar ḟága mé an saol.

**Aspal**

Aċ ná ceap go ḃfuil siad glanta duit, tá lorg fós ar t-anam-sa,
Ní ṁaiṫfí amuiċ sa Vatican a ndearna tú feaḋ do ṡaoil
le filíoċt is droċ-ċainteanna, bí siad sin go fairsing a'd
Aċ ná síl anois a ċleasaí go ngaḃfaiḋ tú isteaċ san Ríoċt.

**Filí**

Naċ ṡin é an scéal naċ dtaiṫníonn leob, tá na filí gann san gceantar úd,
Ó d'éag an Suiḃneaċ 's Raifteirí 's de Ḃailís as Tír an Ḟiaiḋ,
Ní raiḃ an tOireaċtas an t-am sin ann, Féis Ceoil ná an Cumann drámaíoċta,
ġnóṫaiġ mé leaṫ-céad punt an tseaċtain sin nó brabaċ ós a ċionn

**Asbal**

Aċ arnó ċuir tú i dtaisce é, isteaċ sa mbanc a leag tú é!
Tá mé cinnte dearḃṫa gur ól tú ċuile pingin,
Ar an teaċ ósta ḃíoḋ do ṫarraingt, an pionta do láiṁ deas agad
Aċ nuair a ḃíoḋ do ṗócaí falaṁ agad naċ m'éigean duit suí síos.

### Filí

Níl sé anois mar ċeapann tú san saol úd a ḃí againne
Tá córas is deis taistil ann, tá an doċtúr le fáil saor,
Tá liúntas do luċt leanḃ ann 'gus pinsin mór do ḃaintreaċaí
'S ġá mbeidís ċom críonna is ċeapann tú naċ pioneers a ḃeaḋ san tír

### Asbal

Ní raiḃ cáilíoċt ná caracter a'd, naċ raiḃ do ṁuintir damnaiṫe a'd,
le deaḃlaíoċt is le aċrann is go do triáil ag cúirt dlí,
Scaití fáisgtí bannaí ort, ní ċuiṁneofá faoi ċeann seaċtain air
Aċ san bpríosún ḃíoḋ do leaba-sa is ann a ċaiṫ tú leaṫ do ṡaoil.

### Filí

San gcoṁarsanaċt ar ṁair mise ḃí daoine ann ḃí cruaiḋ barainneaċ
b'ólaidis ċóṁ maiṫ liomsa is níor ċaiṫ siad ariaṁ pingin,
Na súdairí dul ṫart ansin le súil go ngl'aoḋfaí isteaċ orṫab
Aċ ní ġaḃfaiḋ leiṫ-pingin rua san talaṁ leo ġá ċruaḋa á ḃfuil a gcroi.

### Asbal

Aċ pé ar biṫ cé ċas agam tú go dtógaiḋ sé as m'aṁarc ṫú
Ná bí coinneá' cainte liom aċ fáiġ caṫaoir is suiġ síos,
Fan isteaċ le balla ansin go dtagaiḋ an breiṫeaṁ ċom fada leat
Mar tá mé cinnte dearḃṫa go ḃfuiġiḋ tú malairt slí

### Filí

Aċ ní ṫuigeann tú anois dada faoin spóirt údaí ḃíoḋ againne
Cruinniṫe i dteaċ a' leanna isteaċ 'sa nbóṫain ólta a'inn go binn,
Na filí go cruinn baileaċ ann, is ann a ḃí a dtabairt amaċ acu
Is dá gcaiṫeá bliain in aice leo ní aiṫreoċa ann aċ mí.

Máirtín Ó Curraiḋin.

++++++++++++++++++++++++++++++++++

### An Deoraí

1.

Áḃar filíoċta is mise ḋá ṫóraíoċt,
Lár mo smaointe ṡeas an deoraí,
T'éis allus fuar a ṡilt ḋá ṫógáil,
É ar fán a' scláḃaíoċt i ngort na coṁarsan.

2.

Duitse fiafraím céard a ṫárla
Tabair dom freagra údar is áḃar,
Ní gan tsiocair a ċaill sé grá dúinn
Óir is fuar an ḟuil a ṫréigeas nádúr.

## Filí

Níl sé anois mar ċeapann tú san saol úd a ḃí againne
Tá córas is deis taistil ann, tá an doċtúr le fáil saor,
Tá liúntas do luċt leanḃ ann 'gus pinsin mór do ḃaintreaċaí
'S ġá mbeiḋís ċoṁ críonna is ċeapann tú naċ pioneers a ḃeaḋ san tír

## Asbal

Ní raiḃ cáilíoċt ná caracter a'd, naċ raiḃ do ṁuintir damnaiṫe a'd,
le deaḃlaíoċt is le aċrann is go do triáil ag cúirt dlí,
Scaití fáisgṫí bannaí ort, ní ċuiṁneofá faoi ċeann seaċtain air
Aċ san bpríosún ḃíoḋ do leaba-sa is ann a ċaiṫ tú leaṫ do ṡaoil.

## Filí

San gcoṁarsanaċt ar ṁair mise ḃí daoine ann ḃí cruaiḋ baraínneaċ
d'ólaidís ċoṁ maiṫ liomsa is níor ċaiṫ siad ariaṁ pingin,
Na súdairí dul ṫart ansin le súil go ngláoḋfaí isteaċ orṫad
Aċ ní ġaḃfaiḋ leiṫ-pingin rua san talaṁ leo ġá ċruaḋa á bfuil a
gcroi.

## Asbal

Aċ pé ar biṫ cé ċás agam tú go dtógaiḋ sé as m'aṁarc ṫú
Ná bí coinneáil cainte liom aċ fáig caṫaoir is suiġ síos,
Fan isteaċ le balla ansin go dtagaiḋ an breiṫeaṁ ċoṁ fada leat
Mar tá mé cinnte dearḃṫa go bfuiġiḋ tú malairt slí

## Filí

Aċ ní ṫuigeann tú anois dada faoin spóirt údaí ḃíoḋ againne
Cruinniṫe i dteaċ a' leanna isteaċ 'sa ndóṫain ólta a'inn go binn,
Na filí go cruinn baileaċ ann, is ann a ḃí a dtabairt amaċ acu
Is dá gcaiṫeá bliain in aice leo ní aiṫreoċa ann aċ mí.

Máirtín Ó Curraiḋin.

++++++++++++++++++++++++++++++++

## An Deoraí

1.

Áḃar filíoċta is mise ḋá ṫóraíoċt,
Lár mo smaointe ṡeas an deoraí,
T'éis allus fuar a ṡilt ḋá ṫógáil,
É ar fán a' scláḃaíoċt i ngort na coṁarsan.

2.

Duitse fiafraím céard a ṫárla
Taḃair dom freagra údar is áḃar,
Ní gan tsiocair a ċaill sé grá dúinn
Óir is fuar an ḟuil a ṫréigeas nádúr.

3.

Labrann mise mar aṫair ċloinne
Níl mé freagraċ 'mo ḋualgas roinne,
Ṫug mé comairle is smaċt air ċoinniġ
Lá i n-aġaiḋ na dánaíoċt ṫug mé buille.

4.

Ní ḃfuair scléip ná damsa cead é ṁilleaḋ
'náit srian a ḃogaḋ d'ḟáisc mé tuille,
Ċas an taoille t'réis rabarta tuille
Gan slán a ḟágáil d'ḟág is d'imiġ.

5.

Bíoḋ trua do ċroí, mise a ṁáṫair,
Ar mo ṁine géire ṫóg mé páiste,
Aċ d'fás sé suas faoi smaċt an árd spioraḋ
Is ṫug sé céim trí ḃóṫrí cáma.

6.

Mise an deoraí ṫréig na h-Aiṫeannta
Sin ní ḋéanfainn aċ ḃí mé i dteannta,
Ṫar ġleann-is ṫar ċnocán ḃí mé leanta
'S dá ḃfeicfinn réaltóg ḃí mé sceannta.

7.

Tá mé snáṁ ar ṡruṫ na saoirse
Sé toraḋ ar ball aċ loisceaḋ is daoirse,
Faillí i dteagasc is feall san saol seo,
Lúbtar crann i dtaoḃ na gaoiṫe.

8.

Is cuma ar ball faoi ṁaoin an t-saoil seo,
Ordú an ḃreiṫiúnais sé a ḃéas déanta,
Má ḃí tú cam 's tú ḃéas ṫíos leis,
Filleann feall go mall aċ cinnte.

Seosaiṁ Ó Neaċtain (Joe Steve).

## Ṁarṫainn Ṗáḋraic

Ní mar a ċéile atá Ṁarṫainn Ṗáḋraic ins ċuile ċeantar aċ de réir cosúlaċta tá an ḃrí ċéanna léi ins ċuile áit. Ḃí sí ag muintir mo ṁáṫar-sa. Fuair mo ṁáṫair an Ṁarṫainn óna haṫair. Fuair sé siúd óna aṫair féin í, agus fuair sé siúd í ó ḟear a dtugaidís Paddy Ó Brien air as Contae an Ċláir. Fear taistil a ḃíoḋ ansiúd.

Ḃí sé ráite go raiḃ buanna ag dul leis an Marṫainn. Dá gcuirtí an Ṁarṫainn i snáṫ olainn do ḋuine a ḃeaḋ ag fágáil an ḃaile nó ag dul i gcomórtas ba ṁor an seans go mbeaḋ an táḋ ar an duine sin. Dá ngaḃfaḋ an té a ċuirfeaḋ í amú agus é ḋá cur ba coṁarṫa é sin naċ n-éireoḋ leis an té a raiḃ sí ḋá cur ḋó.

## An Ṁarṫainn

"Claoitear sinne i ḃfearta filleaḋ anall leis an gcille, go mba buan braon glas de sú na gréine gréige gile, go ndéanann súċ sáċ, ionas arm glas, ḃís náċ mbaineann ḋúinn, rún creideaṁ a ḃaineann aiṫne. Beannaċ leis an anam a ḃí i gcorp Anna Ní Áille agus gaċ duine ḋá mbeaḋ an Ṁarṫainn aige beannaċt ḋó ḋá ġrá sin. Aġaiḋ finne ṁolta, lá finne ḃuí, aġaiḋ ċaoin ċorparṫa, béal aġaiḋ na ḃfocal ceart, nár facṫas óna h-aiṫrí, is go ḃfearta finne claíoḋ.

Léiṫear ḋúinne an bua seo ṫar ḃua an aois - bua clainne, bua maidne, bua laḃra, bua fios a riail le fionn-ṁná, triall tré loisc is tré ṁór-ġáḃaiḃ is ní ġeoḃaiḋ tú cion i t-aiṫrí má éisteann tú i gcoṁrá. Léiṫear ḋúinne na scoláirí seo - marṫainn na féile fírinn' is go lá deireaḋ an doṁain aon neaċ ariaṁ naċ gcalaífear. Cé a déarfaḋ mo ṁarṫainn ag dul i ḃreiṫ ná i ḃfriann is tanaí an ġrian a ṫeanġóḋ ḋó. An té a déarfaḋ mo ṁarṫainn ag dul ar ṫintreaċa na hÉireann d'osclóidís ḋó ag dul ar gaċ aon taoḃ idir ċlaise agus ġéiḃeann. An té a déarfaḋ mo ṁarṫainn ag dul i gcaṫ ná i gcrua-ċoṁraic ṫiocfaḋ sé in ḟeoil idir ḟiaċa. An té a déarfaḋ mo ṁarṫainn ag dul faoí ḋéint mná moille ba ṁaiṫ é a ṫuras i gceann a ċéile agus ċloinne. An té a déarfaḋ mo ṁarṫainn ag dul i loine , in arc nó in argadas ṫiocfaḋ sé slán buan sáḃáilte gan báṫaḋ toinne ná anaċain. An té a déarfaḋ mo ṁarṫainn ag dul i dteaċ nua níor ḃaol ḋó an-ḃás ċoṁ anns ḃeaḋ cleiṫ foṫain. An té a déarfaḋ mo ṁarṫainn ag dul ċun aonaiġ slán ṁeanamnaċ a ṫiocfaḋ sé óna ṡaoṫar. An té a déarfaḋ mo ṁarṫainn ag dul i dteaċ an óil ṫiocfaḋ sé as gan ġlór ṫarḃ gan uaċtar ṫarḃ gan ċruacaíl gan ċruacáil. An té a déarfaḋ mo ṁarṫainn do ċroí ḃéal-ġlan oilc ná do rí ḃéal-ġlan uasal ṫiocfaḋ sé ina aingeal ar neaṁ is níor ḃaol dó Rí an Uaḃair.

Mise Pádraic priḃléideaċ ċum na ḃfíréintí an-uasal, mar a ċaillim léna réiteaċ Ṁarṫainn Pádraic is h-ainm i nGaeilge. Ṁolfainn í a ḃeiṫ ag fearaiḃ Éireann is an té a mbeaḋ sí aige sna críoċa déanaċ ṫiúrfaḋ sé an t-anam ó Ifreann saor leis. Mise Pádraic beannaí, easbog a ṫáinig go hÉirinn - fágaim féin na buaiḃ sin agaiḃ. Sin iad féin na buaiḃ ġriagáilte, ċruagáilte neaṁ-ḟreagrasaírí is ar aon neaċ ċaoiṫin ná ceilte

# COLÁISTE LURGAN

Teastaíonn uait dréaċta a ḃeaḋ cumta ina ḃéarsa
faoi eaċtra a ṫárla sa mbliain seo a ċuaiḋ ṫart
más beiṫíoċ ċeiṫre-ċosaċ, dé-ċosaċ nó aon rud,
aċ é ḃeiṫ tarrnaiġe le ċéile i gcóir is i gceart.

Ní faoi aon ċineál ainṁí a ċumfas mé an ḃéarsa
ná faoi aon ḃreac ins an éisginn an liús nó an cad
aċ faoi Ċoláiste Lurgan a déarfas mé an méid seo
an ċoláiste is iontaí atá in Éirinn ar fad.

San mbliain míle naoi gcéad seasga is a sé
sea fuair muid an léargus go raiḃ a leiṫéide le teaċt
coláiste ḃeannaiṫe a ṡlánóḋ an Ġaeilge
go mbeaḋ scríoḃ agus léaṁ inti is gaċ ní go cruinn beaċt.

Nuair a scaipeaḋ an dea-scéala seo ṫart ins an nGaeltaċt
ṫáinig lasair sa ngréin ġil agus róstfaḋ sí mart
ṫáinig iontú sa ḃfarraige is ṫosaiġ sí ag réabaḋ
mar ṡúil le mac Dé is go raiḃ an imirce ṫart.

Ar an gceaṫrú lá déag sea gearraḋ an foundation
agus ar an seaċtú lá déag se líonaḋ é isteaċ
i lár Ġleann na Coille mar is ann a ḃí an réiteaċ
ní raiḃ aiteann ná dris ann feoċnán ná sceaċ.

Ḃailiġ na tréan-ḟir a ḃí ṫart timpeall sa réigiún
ċuile ḟear ina léine agus a ċuid tools ina ḃag
nó gur tóigeaḋ ó ṫalaṁ í an ċoláiste Ġaeilge
gan ṁoill ar biṫ déanaṁ ní raiḃ gíog ann ná gag.

Cé déarfaḋ linn tamall go dtiocfaḋ an saol
go mbeaḋ coláiste Ġaeilge tógṫaí ó ḋeas
ag bruaċ Ġleann na Coille náċ mbíoḋ inti naċ éanlaiṫ
ar sgáṫ is ar ḟasgaḋ ón ḃfuaċt is ón teas.

Nuair a ċríoċnaiġ an Ċoláiste tráṫnóna Dé Céadaoin
ḃailiġ na céadta, bunáite na Gaeltaċta idir óg agus sean
is ġuiḃ siad gaċ áḋ, gaċ sonas is séan
ar Ċoláiste Lurgan is iad a ḃí i ndon.

Deárnaḋ go dearfa í gan ṁairg gan ḃréag
gan camaḋ gan claonaḋ aċ gaċ ní mar is ceart
mar níor leigeaḋ ina gaoire seoiníní an Ḃéarla
óir fear as an nGaeltaċt a fuair an contract.

Péinteálaḋ ṫart a cuid ballaí fré ċéile
dearg in íoċtar, buí, bán agus geal
agus nuair a críoċnaíoḋ ar fad í nárḃ álainn í an péarla
aċ fainic a ndéarfa naċ mairfeaḋ sí aċ seal.

A Ċoláiste Iurgan molaim-se ḟéin tú
mo bean is mo ċlann is mo ġaolta ar fad
na coṁarsannaí geanúil atá i mbaile is is gcéin a'm
molann siad ḟéin í is fáġann siad a cead.

Ní ar biṫ is tairḃí ní h-eol dom-sa ḟéin é
le slánú na Gaeltaċt'a ċur ina reaċt
ná Coláiste Iurgan atá i gceartlár an réimse
a dteanga náċ séanfaḋ a gcultúr ná a gceart.

Tá freastal na gcéadta ar an gColáiste Ġaeilge
as gaċ ceárd ar fud Éireann is iad ag tosaí an tsaoil,
aċ anois céard faoi'n tréanḟear a ṫug iad le céile
molfad go h-éag é an tUasal Ó Foiġil.

Siúd é an dea-Ġael a rinne an gníoṁ éaċtaċ
d'oibriġ go géar le iad a ṫarraingt ċun cinn
aċ ċunns a ḃeas féar ar ṫalaṁ na hÉireann
tá súil le Mac Dé agam naċ mbeiḋ seisean 'tinn.

Ċruinniġ sé is ḃailiġ sé cúig nó sé ċéadta
scoláirí Gaeilge as gaċ ceárd don tír
le h-aġaiḋ Coláiste Iurgan a tógaḋ san nGaeltaċt
nó gur múineaḋ i nGaeilge ḋóiḃ gaċ alt agus mír.

Tá múinteoirí geanúil ann naċ gcumfaḋ aon ḃréaga
ag obair le h-éirim ó ṁaidin go h-oíċe,
ag múineaḋ, ag ceartú is ag teagasc na Gaeilge
níḋ naċ ḃfuil éasga naċ is cuma leob faoi.

Sé iomrá lomrá na gcailleaċ anall as Tír Ṡéarlais
go raiḃ an Ġaeilge ḋá séanaḋ is gur Béarla a ḃeaḋ ann
aċ sí Coláiste Iurgan a ċruṫós gur bréag é
nuair a ruaigfear as Éirinn luċt léiġte gaċ plean.

Tá slaċt ar an nGaeltaċt ó tá an Coláiste a fréaṁú
níl ann aċ grá de a iḋir óg agus sean
níl blas ar an mBéarla a'c mar ḃéaḋ ar ḟata bó gréine
mar ní ṫeastaíonn uainn ḟéin aċ Gaeilgeoirí glan.

Má castar Cois Ḟarraige tú cuir tuairisc an Ṗéarla
Coláiste Iurgan atá anois i gceist a'm
spáinfiḋ muid timpeall duit í a cuid seomraí fré ċéile
beiḋ mise nó Séamus ann Micil nó Tom.

Ó tá an t-am a fáil goirid críoċnó mé mo ḃéarsa
is ní ḃeiḋ againn san nGaeltaċt amaid nó sraoill
beiḋ seoiníní an Béarla ḋá ndíbirt as Éirinn
agus fuip ṁór ḋá léasaḋ ag an Uasal Ó Foiġil.

Colm Ó Finneaḋa, Loċán Beag a ċum.

Nóta : Seán Ó Donnċaḋa, Teaċ Mór a d'aiṫris Marṫainn Ṗádraic.